

**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-00047/2017  
ar an gCoimisiún**

Rule 128

**Patrizia Toia, Martina Werner, Dan Nica, Kathleen Van Brempt**

thar ceann an Ghrúpa S&D

**Krišjānis Kariņš, Anne Sander, Jerzy Buzek, Massimiliano Salini**

thar ceann an Ghrúpa PPE

Ábhar: Straitéis tionsclaíochta uailmhianach AE a thógáil mar thosaíocht straitéiseach don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip

I dtús a shainordaithe reatha, leag an Coimisiún béim ar an ngá atá ann bonn tionsclaíoch láidir agus ardfeidhmíocht do mhargadh inmheánach an Aontais Eorpaigh a choimeád agus a threisiú mar aon le sciar an tionscail d'OTI an Aontais Eorpaigh – ar 16% faoi láthair é – a bheith mar 20% athuair faoi 2020. Ar an mbonn sin, tá gealltanús tugtha ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na húdair imní atá ag an tionscal mar aon leis an iomaíochas tionscail a phríomhshruthú go córasach i ngach dá mhórtionscnaimh beartais. Dá bhrí sin, is amhlaidh atá léiriú tugtha ag leibhéil éagsúla beartais agus institiúideacha ar an ngá atá le straitéis shoiléir AE a bheith ann chun tacú leis an tionscal a nuachóiriú agus a chlaochlú .

I bhfianaise an méid thuas:

1. An bhféadfadh an Coimisiún cuntas a thabhairt ar na torthaí nithiúla a baineadh amach tríd an iomaíochas tionsclaíoch a phríomhshruthú i mbeartas an Aontais Eorpaigh?
2. I bhfianaise an róil atá ag an tionsclaíocht sa gheilleagar ina iomláine a bheith ag dul ar meath ar thaobh amháin agus na ndúshlán criticiúil atá roimh an Eoraip ar an taobh eile, cén fhreagairt a thabharfaidh an Coimisiún air sin? Cén beart a dhéanfaidh sé chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí a bhfuil tionchar á imirt acu ar iomaíochas domhanda thionscal na hEorpa?
3. Cad a dhéanfaidh an Coimisiún maidir leis an éileamh atá ann go ndéanfaí measúnú ar an tionchar a bhaineann leis an mbeartas tionsclaíoch a phríomhshruthú i dtionscnaimh straitéiseacha AE agus go dtíolacfaí straitéis iomlánaíoch beartais tionsclaíochta AE maille le plean gníomhaíochta comhfhreagrach? An mbeidh tionscnamh ina chuid dá chlár oibre do 2018?
4. Maidir le réimse an bheartais tionsclaíochta, céard iad na hathruithe breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar rialachas institiúideach AE chun a áirithiú go mbeadh cur chuige straitéiseach i bhfad níos comhordaithe ann agus go mbeadh príomhshruthú an iomaíochais á chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach sna réimsí beartais go léir?
5. Mar gheall ar na treochoirí eacnamaíochta fadtéarmacha, is áirithe go mbeidh an sprioc an tionscal a bheith ina chúis le 20% d'OTI an Aontais Eorpaigh faoi 2020 an-dúshlánach go deo. Dá bhrí sin, chun go mbeadh sé ar thús cadhnaíochta maidir leis an mbeartas tionsclaíochta sna deich mbliana amach romhainn, an smaoineoidh an Coimisiún ar an sprioc seo a oiriúnú agus na spriocanna aeráide agus fuinnimh do 2030 a chur leis?

Curtha síos: 1.6.2017

Curtha ar aghaidh: 5.6.2017

Spriocam le haghaidh freagra: 12.6.2017